PVS 2

TOGHTHÓIRÍ NACH BHFUIL IN ANN VÓTÁIL AG A STÁISIÚN VÓTAÍOCHTA DE BHARR IMTHOSCA SLÍ BEATHA ETC. (MIC LÉINN ÁIRITHE SAN ÁIREAMH)

IARRATAS AR AINM A CHUR SAN FHORLÍONADH DO LIOSTA NA bPOSTVÓTÁLAITHE 2009/2010

(Léigh na nótaí go cúramach le do thoil sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm.)

CUID A – SONRAÍ AN TOGHTHÓRA

(Cuir isteach d'ainm agus do sheoladh iomlán mar atá luaite ar Chlár na dToghthóirí, agus d'uimhir ar an gclár má tá sí ar fáil).

Ainm (Bloclitreacha): _____

Seoladh (Bloclitreacha): _____

Uimhir ar Chlár na dToghthóirí (má tá sí le fáil): _____

Dáta breithe:_____

DEARBHÚ AGUS IARRATAS

Dearbhaím leis seo gur dócha nach mbeidh mé in ann dul chuig an stáisiún vótaíochta lá na vótaíochta chun vóta a chaitheamh de bharr imthosca mo shlí beatha, mo sheirbhíse nó m'fhostaíochta. Déanaim iarratas leis seo m'ainm a chur san fhorlíonadh do liosta na bpostvótálaithe.
(Sínigh d'ainm agus cuir isteach an dáta)

Síniú: _____ Dáta: _____

Uimhir Theileafóin Lae: _____

Comhlánaigh Cuid B,C nó D de réir mar is cuí

==========

Cuid B – DEIMHNIÚ FOSTÓRA
(Le comhlánú nuair a dhéanann fostaí an t-iarratas)

Deimhním leis seo gur dócha nach mbeidh an t-iarratasóir thuasainmnithe, agus atá fostaithe mar _____, in ann dul chuig an stáisiún vótaíochta lá na vótaíochta chun vóta a chaitheamh de bhar imthosca a chuid/ a cuid fostaíochta.

Cuir in iúl (go hachomair) na himthosca a choiscfidh an t-iarratasóir ó vótáil lá na vótaíochta: _____

_____

_____

Síniú an fhostóra: _____ Dáta: _____

Seoladh an fhostóra: _____

_____

CUID C – DEARBHÚ REACHTÚIL

(Le comhlánú i gcás gur toghthóir féinfhostaithe atá ag déanamh an iarratais. Ní mór an dearbhú seo a dhéanamh os comhair Feidhmeannaigh Shíochána nó Coimisinéir Mionnaí.)

Dearbhaímse, _____, go sollúnta agus go fíreata gur dócha nach mbeidh mé in ann dul chuig an stáisiún vótaíochta chun vóta a chaitheamh lá na vótaíochta de bharr go bhfuilim féinfhostaithe mar _____, agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938. Léirigh (go hachomhair) na himthosca a choiscíonn tú ó vótáil lá na vótaíochta _____
_____

Síniú: _____

Dearbhaithe os mo chomhairse ag _____ a bhfuil aithne phearsanta agam air (uirthi) (nó a cuireadh in aithne dom ag _____ a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi) _____ an _____ lá de _____

Síniú an Fheidhmeannaigh Shíochána/Choimisinéara Mionnaí: _____

==========

Cuid D – DEIMHNIÚ Ó FHORAS OIDEACHAIS

(Le comhlánú i gcás iarratais ag toghthóir atá go lánaimseartha ar chúrsa staidéir nó i bhforas oideachais sa Stát)

Deimhním leis seo go bhfuil an t-iarratasóir thuasainmnithe rannpháirteach ar bhonn lánaimseartha ar chúrsa staidéir oideachais ag ***(luaigh ainm agus seoladh an fhorais oideachais)***

_____;

cúrsa _____; achar/bliain _____

agus, de bhua é/í a bheith rannpháirteach sa chúrsa staidéir sin, ní dócha go mbeidh sé/sí in ann dul i bpearsa chuig stáisiún vótaíochta chun vóta a chaitheamh lá na vótaíochta.

Síniú rúnaí nó cláraitheoir an fhorais oideachais: _____

Seoladh an fhorais oideachais: _____ Dáta: _____

_____

PVS 2

NÓTAÍ

TOGHTHÓIRÍ NACH BHFUIL IN ANN VÓTÁIL AG A STÁISIÚN VÓTAÍOCHTA DE BHARR IMTHOSCA SLÍ BEATHA ETC. (MIC LÉINN ÁIRITHE SAN ÁIREAMH)

Iarratas ar ainm a chur san fhorlíonadh do liosta na bpostvótálaithe 2009/2010

---

1. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar d'ainm a chur san fhorlíonadh do liosta na bpostvótálaithe, faoi alt 63 den Acht Toghcháin 1997, mas rud é gur dócha nach mbeidh tú in ann dul i bpearsa chuig stáisiún vótaíochta lá na vótaíochta ag toghchán nó reifreann chun vóta a chaitheamh de bharr imthosca do shlí beatha, do sheirbhíse nó d'fhostaíochta. Má tá tú rannpháirteach ar bhonn lánaimseartha i gcúrsa staidéir oideachais ag foras oideachais sa Stát, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar d'ainm a chur ar liosta na bpostvótálaithe.

2. Más duine tú a bhfuil tuairisc ort ag 1 thuas ach nach bhfuil d'ainm ar liosta reatha na bpostvótálaithe, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar d'ainm a chur san fhorlíonadh do liosta na bpostvótálaithe. Sa bhreis ar na critéir thuas a chomhlíonadh, ní mór duit a bheith cláraithe mar ghnáthvótálaí chun a bheith incháilithe a bheith san fhorlíonadh.

3. Tá an fhoirm iarratais roinnte i gceithre Chuid: A, B, C agus D. Ní mór do gach iarratasóir Cuid A a chomhlánú, agus ansin ag brath ar cibé cuid a mbeidh feidhm léi, ní mór don dhuine cuí Cuid B, C nó D a chomhlánú. Ní mór deimhniú fostóra, dearbhú reachtúil nó deimhniú ó fhoras oideachais a bheith i dteannta gach iarratais ag brath ar cibé acu is cuí sa chás áirithe.

4. Más cathair í an áit a bhfuil tú cláraithe (i.e. Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach nó Port Láirge), ba chóir duit d'fhoirm a sheoladh nó a sheachadadh chuig Halla na Cathrach. Má tá tú cláraithe i limistéar chomhairle contae, ba chóir duit an fhoirm a sheoladh chuig ardoifig na Comhairle Contae.

5. Is é an lá is deireanaí chun iarratas ar an bhforlíonadh do liosta na bpostvótálaithe a bheith faighte ná 2 lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin nó 2 lá tar éis an t-ordú um lá vótaíochta a bheith déanta i gcás chorrthoghchán Dála nó i gcás thoghchán Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh, toghchán áitiúil nó Údarás na Gaeltachta nó i gcás Reifrinn.

6. An modh vótála ag an gcatagóir seo de Phostvótálaithe

Seolfar páipéar ballóide agus foirm de dhearbhú reachtúil chuig toghthóir a bheidh san fhorlíonadh do liosta na bpostvótálaithe de bharr imthosca a shlí beatha/a slí beatha etc. Beidh ar an toghthóir féin dul chuig an stáisiún Gardaí agus an forchlúdach a bheith dírithe chuige nó chuice, mar aon leis an bpáipéar ballóide gan aon mharc agus an dearbhú céannachta a thabhairt ar aird do chomhalta don Gharda Síochána. Iarrfar ar an toghthóir an dearbhú céannachta a shíniú i láthair an Gharda agus é a thabhairt don Gharda. Más deimhin leis an nGarda céannacht an toghthóra, fiannóidh sé nó sí an dearbhú agus cuirfidh sé nó sí stampa an stáisiúin Gardaí ar an dearbhú céannachta. Is féidir leis an toghthóir an páipéar ballóide a mharcáil ansin agus an páipéar ballóide sin mar aon leis an dearbhú céannachta a sheoladh ar ais leis an bpost chuig an gceann comhairimh.

I gCÁS NACH mBÍONN TOGHTHÓIR ATÁ AR LIOSTA NA BPOSTVÓTÁLAITHE INCHÁILITHE ANSIN A THUILLEADH (ATHRAÍONN SÉ/SÍ FOSTAÍOCHT, CRÍOCHNAÍONN SÉ/SÍ CÚRSA OIDEACHAIS), BA CHÓIR DÓ NÓ DI É SIN A CHUR IN IÚL DON ÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN.